

❖ An Lúibín ❖

24 Nollaig 2008

Airgead Gaeltachta

The body responsible for the economic well-being of the Gaeltacht has plenty of money – but to what avail?

Tá an Ghaeltacht ag crapadh ach tá Údarás na Gaeltachta ar maos in airgead. An mhí seo socraíodh go mbeadh clár caipitil de €27 milliún acu le haghaidh na bliana 2009, agus clár tógála de €12 milliún san áireamh. Is lú an buiséad ná mar a bhí anuraidh (€32 milliún) ach tá an Bord chun a gcuid pingíní a choigilt sa bhliain atá le teacht.

Tá an Bord chun cabhair a thabhairt do lucht gnó atá ann cheana, ag iarraidh iad a dhéanamh níos inniúla agus fostaíocht a chothú dá bharr. Dealraíonn sé go bhfuil an rialtas sásta maoiniú cothrom a choinneáil leis an mBord, cé go mbeidh sin ag brath ar staid an gheilleagair i ré chorráithe.

Tá a fhios ag an bPríomhfheidhmeannach gur gá muinín a bheith ag an bpobal as an Údarás, cé nár éirigh leo deireadh a chur le meath na Gaeltachta. Ach rachadh sé rite le foras ar bith an éacht áirithe sin a dhéanamh: tá lucht an Údaráis ar a ndícheall ag soláthar nó ag caomhnú post, agus sin an méid. Caitear an t-airgead agus imíonn an teanga; nó ba chuirte a rá go bhfuil an Ghaeilge ag borradh sna bruachbhailte, áit nach bhfuil lámh an Údaráis le fáil.



In éadan Achta

Northern Ireland's Tories frown on a Language Act.

Tá Acht na Gaeilge á éileamh i gcónaí i dTuaisceart Éireann – á éileamh ag na gníomhaithe, ar aon chuma; agus ní hiad cadramáin an UUP amháin atá ag cur ina choinne. Tá na Tóraithe ar aon aigne leo siúd, cé go gcuireann siad craiceann níos sibhialta ar a gcuid tuairimí. Ceist phraiticiúil chostais is ea an reachtaíocht úd, más fíor dóibh; níl siad in éadan na teanga inti féin (ba chóir í a chosaint fiú amháin) ach mionlach míréasúnta amháin atá ar thóir Achta. Tar éis an tsaoil, ní dhearna ach timpeall dhá chéad dalta an Ghaeilge don Leibhéal A i mbliana. (Ní admhaítear go mbeadh cúpla tomhas eile i gceist agus an scéal seo á phlé.)

Tá na Tóraithe neamhchlaonta ar a slí féin: tá a oiread drochmheasa acu ar fheachtas na hAlbainise Uladh agus atá acu ar fheachtas an Achta. Tá cuid éigin den cheart acu, ar ndóigh, sa mhéid nach bhfuil i gcothú seo na hAlbainise, mórán, ach iarracht ar dhúchas a chruthú a chuirfeadh cos i bhfeac in éadan an Ghaelachais - suaitheantas seicteach den sórt is dual don Tuaisceart.

Má leanann ar phobal na Gaeilge ag dul i neart sna bólaí sin, caithfidh an tAcht teacht, luath nó mall; tá an SDLP agus Sinn Féin ag tacú leis, agus tá mórán daoine sásta léirsiú a dhéanamh ar a shon. Tá cuid mhaith daoine ann nach mbeadh róchorraithe faoin scéal, rud a fhágann go mbeidh an bua ag na gníomhaithe is líonmhaire agus is treise toil – agus is dócha gurb iadsan na Gaeilgeoirí.



Easpa múinteoirí

Teachers with fluent Irish are in short supply even in Irish-medium schools.

Gearánann príomhoidí gaelscoile ó am go ham faoi chaighdeán na Gaeilge atá ag cuid de na múinteoirí. Ach cuimhnimis nach ndeachaigh ach 78 dalta ó na hiarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun na gColáistí Oideachais i mbliana – na Gaeilgeoirí óga is líofa.

COGG (An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) a rinne na figiúirí a scagadh, agus tá siad ag teacht le taighde eile a d'fhoilsigh COGG sa bhliain 2004, ag taispeáint nár líonadh ar an gcéad iarracht ach 22 post as 92 do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta. Sa bhliain 2006 dúirt 70% de phríomhoidí i 139 bunscóil lán-Ghaeilge gur dheacair dóibh múinteoirí a fháil. Deir Príomhfheidhmeannach COGG go gcaithfear Coláiste Oideachais lán-Ghaeilge a bhunú sa Ghaeltacht leis an mbris a thabhairt isteach agus 'deis a thabhairt do mhic léinn eile ardchaighdeán Gaeilge a bhaint amach'.

B'fhéidir gurb é an príomhdheacracht atá ann go bhfuil méadú chomh mór sin tagtha ar an ngaelscolaíocht agus go bhfuil ag teip ar an soláthar cos a choinneáil leis, sa mhéid nach ceart a bheith ag súil go roghnódh líon mór de na daltaí úd an mhúinteoireacht mar cheird.

De réir na bhfigiúirí a d'fhoilsigh *Foinse* le déanaí, níor thosaigh ach 39 dalta Gaeltachta i gColáiste Oideachais i mbliana: Gaillimh 12, Dún na nGall 9, Corcaigh 6, Maigheo 6, Corca Dhuibhne 4, An Rinn 2, Ráth Cairn 0.¹



Comharthaí bóthair

Gaelic/English road signs are causing controversy in the Scottish Lowlands.

Feidhm eile atá le comharthaí bóithre seachas treoir (nó míthreoir) a thabhairt don té atá iarraidh eolas na slí. Samhailchomharthaí is ea iad: iad ag dearbhú cultúir agus áite agus staire, go háirithe i dtír a bhfuil dúchas measctha ann. In Éirinn b'ábhar conspóide iad na comharthaí bóithre Gaeilge a tógadh sa Ghaeltacht in ionad na gceann dátheangach; agus tá ciall chasta chultúrtha ag baint leis na cinn dhátheangacha féin, cé gurb annamh a bheadh muintir na háite in ann an bhrí is loime amach a bhaint astu.

In Albain is leis na comharthaí dátheangacha a bhaineann conspóid, i gceantair Ghallda áirithe ar a laghad. Ba mhaith le gníomhaithe Gàidhlig iad a fheiceáil ar fud an limistéir a raibh an teanga á labhairt tráth (cuid mhaith den tír), ach tá a fhios acu gur stuama an mhaise dóibh dul chun cainte le bunadh na háite chun an bealach a réiteach. Minic go leor, níl aon locht ag na daoine úd ar an teanga inti féin (ní chuirfidís in éadan scoileanna lánGhàidhlig), ach ní léir dóibh go bhfuil aon bhaint ag a n-áit dhúchais anois le teanga a labhraítí ann sa 17ú haois nó níos luaithe. Uaireanta, freisin, mothaíonn daoine go bhfuil na comharthaí á mbrú orthu ag údarais atá i bhfad i gcéin uathu.²

B'fhurasta oifigiúlachas cultúrtha a lua le scéal na gcomharthaí, an saghas oifigiúlachais gan éifeacht atá ina smál le fada ar an nGaeilge. Sa chás seo tá an teanga á húsáid chun leagan áirithe d'fhéiniúlacht stairiúil na tíre a dhearbhu, leagan nár tháinig an teanga féin suas leis go fóill.



¹ 'Géarchéim múinteoireachta' le Seán Tadhg Ó Gairbhí, *Foinse*, 14/12/08.

² Féach 'Car son a tha muinntir Ghallaidh an aghaidh soidhnichean Gàidhlig?' le Seò C. Caimbeul, www.news.scotsman.com/gaidhlig, 8/11/08.

Bailte Gàidhlig

It is proposed to create new Gaelic-speaking communities in Scotland.

Is í an tsean-aisling í. Pobal Gaeilge a chur ar bun d'aonghnó i measc na nGall. In Éirinn theip ar an aisling seo ach amháin i Ráth Cairn, ach tá sí á cothú arís in Albain. Táthar ag súil go gcuirfear pobal Gàidhlig ar bun in aice le hInbhir Nis agus timpeall míle duine ann, i dtreo go bhféadfaí an teanga a úsáid i ngnóthaí coitianta an tsaoil. Ba é leas na ndaltaí é, mar is minic nach labhraíonn siad a gcuid Gàidhlig taobh amuigh den scoil de cheal pobal ceart Gàidhlig a bheith ina dtimpeall.

Fionnlagh Mac Leòid a bheartaigh an scéim, agus is é a thuairim gur chaill mórán cainteoirí dúchais a misneach i rith na ndeich mbliana is dhá scór a chuaigh thart. Is é an leigheas atá aige air sin roinnt bailte Gàidhlig a bhunú, agus áiseanna iontu a chuirfeadh ar chumas daoine gan Ghàidhlig an teanga a fhoghlaim go luath, rud ab fhusa a dhéanamh agus cainteoirí líofa ina dtimpeall.

Tá eagla ar dhaoine éigin nach mbeadh sna bailte úd ach geiteonna, ach deir Mac Leòid nach amhlaidh go gcuirfí iachall ar dhaoine cónaí iontu, agus gur lochtaíodh an ghaelscolaíocht féin ar an dóigh sin cúig is fiche bliain ó shin. Deirtear go bhfuil gníomhaithe i Sasana agus i Meiriceá Thuaidh ag tacú leis an scéim.³

Faoi láthair tá níos ná 60,000 cainteoir Gàidhlig ann agus cainteoirí dúchais is ea a bhformhór, ach tá borradh éigin faoin teanga i nDún Éideann agus i nGlaschú go háirithe agus é bunaithe ar na mionphobail Ghàidhlig atá ann cheana. Fiú amháin má theipeann ar an scéim seo is cosúil go leanfar de neartú na teanga in áiteanna nár chualathas í le fada.



Tuin chomhthíoch

A foreign accent in Australia can hinder your job prospects.

Léiríonn an taighde is déanaí ag lucht léinn san Astráil go ndiúltaíonn mórán fostóirí Astrálacha oibrithe ón iasacht a fhostú de bharr cúrsaí teanga, cé gur beag leithcheal oscailte a dhéantar sna gnólachtaí féin. Tá na fostóirí sin dall ar a leas féin, ó tá oibrithe ón iasacht níos dícheallaí agus níos dílse ná oibrithe Astrálacha.⁴

Ceardchumann Oibrithe na hAstráile a d'iarr an tuarascáil agus rún acu níos mó oibrithe oilte a thabhairt isteach san earnáil déantúsaíochta chun cumas coimhlinte na tíre a threisiú.

Deir an tuarascáil gur chóir tús áite a thabhairt do scileanna na n-oibrithe, cuma cén locht atá ar a gcumas Béarla. Tagann formhór na n-inimirceach chun na hAstráile ar son na hoibre agus fonn orthu sócúl éigin a bhaint amach dóibh féin agus dá gclann. Is minic atá easpa post ar a dtír dhúchais agus is fearr leo fanacht sa ghnólacht chéanna anseo ar feadh deich mbliana nó os a chionn ná malairt oibre a lorg.

Dealraíonn sé go bhfuil tuin láidir eachtrannach ina bac ar dhaoine arb áil leo dul chun cinn sa mhargáil, sa chaidreamh poiblí nó i gcúrsaí acmhainní daonna – poist a chuirfeadh ag caint leis an bpobal iad. Os a choinne sin, ní deacair dóibh dul chun cinn más sna cúlseomraí atá siad ag obair.

³ Féach 'Plan for all-Gaelic-speaking communities,' le John Ross, www.news.scotsman.com, 1/11/08.

⁴ Féach 'Migrants better workers: study' le Andrew West, *The Sunday Age*, 21/12/08.

I measc rudaí eile, molann an tuarascáil go dtabharfaí aitheantas do cháilíochtaí eachtrannacha, rud atá ina cúis ghearáin le fada an lá.

Ní dhéanann an tuarascáil tracht ar an tairbhe is féidir a bhaint as na teangacha a thugann na hoibrithe isteach leo, cé gur tairbhe é a ligtear sa dul amú go minic i gcúrsaí tráchtála. Tá an Astráil beo ar eachtrannaigh, ach is minic a dhiúltaímid dá mbronnann siad orainn.



Drochriar san Afganastáin

Afganistan's bad administration has consequences for Australia.

Eachtrannaigh is mó a dhéanann tracht ar chás na hAfganastáine (sampla maith den eolaí sa chluíd), agus cuid acu níos eolgaí ná a chéile. Ba deacair Sarah Chayes a lochtú mar thráchttaire, Meiriceánach mná a chuir fúithi sa tír agus í i gceannas anois ar chomharchumann Afganastánach a dhéanann ábhar cúram cnis. Mar is dual dá leithéidí, tá leabhar scríofa aici, *The Punishment of Virtue: Inside Afghanistan After the Taliban*, agus tá a cuid tuairimí le léamh ar na nuachtáin ó am go chéile.

Tá sí ina cónaí i gCandahar, daingean an deiscirt (agus áit atá faoi léigear ag an Talaban) le seacht mbliana. Is éard an t-ábhar comhrá is coitianta atá ann an bhreabaireacht agus an leatrom. Deir Chayes (agus a lán nach í) gur mó an gá atá le dea-rialú ná le scoileanna, le toibreacha nó le leictreachas féin. Is éard is mó a dhéanfadh díobháil don Talaban leasú a dhéanamh ar iompar na bhfeidhmeannach a chuir na comhghuailithe féin i gcumhacht.

Tugann sí sampla. Ní fhaightear ach a trí nó a ceathair d'uaireanta leictreachais gach cúpla lá, go minic ó 1.00am go dtí 5.00am. Mar sin féin, ní foláir an bille a íoc, agus caithfear seasamh in ocht scuaine i dhá fhoirgneamh lena dhéanamh. Is annamh a d'fhéadfá an gnó a chríochnú gan béic mhímhúinte a chloisteáil: 'Tá an deasc seo á dúnadh; tar ar ais amárach'. Sampla eile is ea an chuairt a thug cara léi ar an bpríosún i gCúige Urozgan, lastuaidh de Chandahar. Bhí ceithre príosúnach is caoga ann; ní raibh ach seisear acu cúisithe nó trialaithe, agus bhí siad ann le míonna nó le blianta.

Sin é an fáth a bhfuil an Talaban ag dul chun cinn, fiú amháin nuair nach bhfuil lé ag na daoine leo. Bhain Chayes Candahar amach i Mí Nollag 2001, díreach tar éis ruaigeadh an Talabana. Bhí áthas ar na daoine; bhí eitleoga ag rince ar an aer, bhí daoine ag baint na sál dá chéile ag ceannach caiséid cheoil, agus chuala sí déileálaithe codlaidín ag caint faoi cé acu duine acu a chuirfeadh díon a thí ar fáil mar scoil. Bhí an-fháilte roimh an rialtas nua, ach cuireadh díomá ar na daoine ina dhiaidh sin. Tá cuimhne acu fós ar rialtas Zahir Shah agus a ghaol Daoud Khan sna seascaidí agus sna seachtoidí, nuair a bhí na cathracha ar na cinn ba chultúrtha sa saol Ioslamach, nuair a bhí daoine á vaicsiniú faoin tuath agus nuair a bhí meas ar phóilíní gan arm sna sráidbhailte ab iargúlta. Moltar rialtas an athuachtaráin Najibullah féin (cé gur thacaigh na Rúisigh leis) de bharr ionracas na bhfeidhmeannach.

Rinne na comhghuallaithe bithiúnaigh de ghunnairí a chur ar ais i réim, daoine ar diúltaíodh dóibh blianta roimhe sin. Síleadh gur mhaith an sás iad chun al-Qa'ida a ruaigeadh agus ba mhínic a cuidíodh leo suí i mbun gach duine eile. Ní nach ionadh, tháinig olc ar dhaoine, agus b'in é an uair a tháinig an Talaban isteach. Seirbhís rúnda na Pacastáine a d'armáil agus a thraenáil iad, agus deir Chayes go bhfaca sí saghas seach-chogaidh i gCandahar ón mbliain 2002 i leith, agus na ginearáil i bPacastáin ag úsáid an Talabana chun a gcós féin a chur i dteannta san Afganastáin. Ní éireodh leis an ionradh seo, dar léi, murach drochiompar fheidhmeannaigh na tíre sin.

Síleann Chayes gur chóir d'fheidhmeannaigh Iartharacha dul chun cainte leis na daoine agus ligean dóibh cúis a ngearáin a chur in iúl os ard, i dtreo go bhféadfaí an t-aincheart a chur ina

cheart. Ba chóir comhairleoirí a chur ag obair leis na feidhmeannaigh Afganastánacha mar a dhéantar san Arm. Dá mbeadh rialtas rianúil ann ó thús, a deir sí, ghéillfeadh an chuid ba shochomhairlí den Talaban dó dá dtoil féin.

Idir an dá linn, tá na comhghuaillithe ag súil súil fós le bua éigin míleata, agus Príomh-Aire na hAstráile tar éis a mhaíomh go mbeidh saighdiúirí Astrálacha ag troid ann go ceann i bhfad. Glacaimid le roinnt éigin teifeach ón Afganastáin, dream a bhfuil Paistis, Urdais, Dairis agus eile acu, agus a chaith na blianta sna campaí. Is minic a maraíodh nó a scaipeadh a gcairde gaoil. Is minic a éiríonn thar barr leis na teifigh úd sa tír nua: máthair agus seisear clainne, mar shampla (níl a fhios acu cá bhfuil an t-athair), agus faill ag na páistí anois, idir buachaillí agus chailíní, ar an éirim atá iontu a chur in iúl sa rang. Ba bheag an mhoill orthu Béarla a fhoghlaim agus gaisce léinn a dhéanamh. San Astráil fuair siad rud a cheiltar ar a dtír dhúchais i gcónaí - an tsíocháin - agus is breá leo fós eitleoga a chur sa spéir.⁵



Deir an teagasc Búdaí nach bhfuil sa saol seo ach scáil, rud díomuan neamh-mharthanach. Níl dada ann ar fiú ábhar feirge a dhéanamh de, níl dada ann ar fiú ábhar conspóide a dhéanamh de. Dada.

Ní chiallaíonn an teagasc seo nach fiú an an t-aincheart a chur ina cheart. A mhalairt ar fad. Ach is féidir é a dhéanamh gan feargú, gan bhuaireamh croí. D'imigh ar tháinig, imeoidh a dtiocfaidh.

Nollaig faoi Shéan agus faoi Shonas

do Léitheoirí an Lúibín

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.

⁵ Féach 'Gifted family flying high' le Miki Perkins, *The Age* 20/12/08.

AN NOLLAIG

Breith Íosagáin

Three versions of the Nativity from the New Testament in Irish (the first from 1603).

Ní fhaightear cuntas ar bhreith an tSlánaitheora sa Tiomna Nua ach amháin i soiscéalta Mhatha agus Lúcais – dhá chuntas a ndéantar aon scéal amháin díobh i gcuimhne na coitiantachta. Trí leagan den sliocht céanna as Matha atá le fáil thíos, agus iad i nGaeilge ar fad.

Tá breis eolais le fáil ar an suíomh seo: <http://www.biblebc.com/Irish/IrishBible/status.htm>

Tá an chéad sliocht bainte as an Tiomna Nua a d'fhoilsigh Uilleam Ó Domhnaill i mBaile Átha Cliath idir 1602 agus 1603. Nioclás Breathnach, Easpag Osraí (a dúnmharaíodh sa bhliain 1585), a thosaigh ag cur Gaeilge ar an Tiomna Nua, le cúnamh Nehemius Donellan agus an Domhnallaigh féin, beirt a ndearnadh Ardeaspag Thuama díobh ina dhiaidh sin. Bhí lámh ag Seán Ó Cearnaigh san obair freisin, duine a chuir amach sa bhliain 1571 an chéad leabhar Gaeilge a cuireadh i gcló riamh, *Aibidil Gaoidheilge agus Caiticiosma*. Sa leabhar sin baineadh feidhm as cló a gearradh i Londain c. 1567 agus cuma Angla-Sacsanach ar chuid de, agus ba é an cló céanna a úsáideadh sa Tiomna Nua, 'ar na tharruing go fírinneach as a nGréigis ughdarach'. Níor tháinig an dara heagrán den Tiomna Nua amach go dtí 1681, agus ba i Londain a priontáladh é. D'fhoilsigh an British and Foreign Bible Society eagrán de sa bhliain 1817 i gcló Rómhánach.

Sliocht as Matha, Caibidil 1 (1603):

18 Agus is mar so do bhí geineamhuint Íosa Críod: Oir tar éis daingin do thabhairt eidir a mhathair Muire agus Ioséph, ní is táosga na thangadar a ngar dá chéile, frioth torrach í ón Spiorad Naomh. 19 Achd ar mbeith do Ióseph a fear, na *dhuine* chomhthrum, agus nar bháill leis isiompláir do dhéanamh dhi, bá mian ris a cur uaidh ós iseall. 20 Agus ag smúaineadh na neithe dhó, féuch, do fhoillsigh aingeall an Tighearna e féin dó a naisling, ag rádh, A Ióseph, mhic Dháibhi, na bíodh eagla ort do bhean féin Muire do ghabháil chugad: oir an ní atá ar na gheineamhuin innte is ón Spiorad Naomh é. 21 Agus béaruidh sí mac, agus do bhéaruidh tú ÍOSA dainm air: oir sláineochadh sé a phubal féin ó na bpeacuighibh. 22 Agus do rinneadh so uile, do chum go gcoimhlíonfaighthe an ní a dubhairt an Tighearna trés an bhfaidh, ag rádh, 23 Tabhairt dod aire, biaidh maighdean tórrach, agus bearuidh sí mac, agus do bhéaruidh tú Emmanuel dainm air, noch ar na mhíniughadh, iseadh, Dia maille rinn.

Sa bhliain 1858 d'fhoilsigh Roibeárd Ó Catháin aistriúchán úr den Tiomna Nua i gcló fíorálainn Gaelach: *Tiomna Nuadh ár dTighearna agus ár Slánuightheóra Íosa Críod: do tarraingíoch roimhe-seo go fírinneach as an nGréigis go Gaodhailge Chonachdach; agus anois atá aisdriughthe do réir na Gréigise céadna go Gaodhailge Chúige-Mumhan: le Roibeárd Ó Catháin, ó Chóntae Chláir*. Ní raibh sé sásta leis an mblas ró-Chonnachtach (agus ró-ársá) a fuair sé ar shaothar Uí Dhomhnaill, agus bheartaigh ar leagan eile a dhéanamh: 'I took up the existing Version as I found it, and, making it the basis of mine, I let it alone wherever I thought it reasonably intelligible, only altering words or sentences where I considered they would not be understood in the South of Ireland'. Ní deacair a rian sin a aithint ar an méid a leanas.

Sliocht as Matha, Caibidil 1 (1858):

18 Agus is mar seo do bhí geineamhuint Íosa Críod: mar an tám do bhí a mháthair Muire geallta chum pósda do Ióseph, níor thúisge ná thangadar a ngar dá chéile, fuaireach torrach í ó'n Spiorad Naomh. 19 Achd air mbeith do Ióseph [a fear] 'na [dhuine] cothrum, agus n'ár bh'aill leis sómpla puiblighe do dhéanamh dhi, ba mhian leis a cur uaigh go príbhéideach. 20 Agus aig smuighneamh na rodaighe seo dhó, feuch, do fhoillsigh aingeal an Tighearna é féin do a naisling, aig rádh, A Ióseph, a mhic Dháibhi, ná bíodhach eagla ort do bhean féin Muire do ghóbhail chugad: mar

an nídh atá air na gheineamhuint innte is ó'n Spiorad Naomh é. 21 Agus béarfaigh sí mac, agus do ghlaodhfaigh tu ÍOSA mar ainm air: mar slánóigh sé a phubal féin ó na peacuidhe. 22 Agus do dínadh so uile, chum go gcóimhlíonfuighe an nídh a dúbhairt an Tighearna tre an bhfaigh, ag rádh, 23 Féach beig maighdean torrach, agus béarfaigh sí mac, agus do ghlaodhfaigh siad Emmanuel mar ainm air, 'sé sin air na mhíniughadh, Dia maille linn.

Cuirimis an méid úd thuas i gcomórtas leis an leagan comhaimseartha a rinne an tOirmh. Cosslett Ó Cuinn.

Sliocht as Matha, Caibidil 1 (1970):

18 Is mar seo a tháinig Íosa Críost ar an saol. Nuair a bhí lámh is focal idir a mháthair Muire agus Íosaf, agus sula sula ndeachaigh sé chuici, fuarthas í agus an leanbh ina broinn ón Spiorad Naomh; 19 agus ó b'fhiréanta é a fear céile Íosaf, agus ó bhí leisce air í a náiriú, bhí rún aige scaradh léi os íseal. 20 Ach fuair sé taispeáint, agus é ar na smaointe sin, d'aingeal ón Tiarna i mbrionglóid, agus é á rá leis, "A Íosaif, a mhic Dháibhí, ná biodh eagla ort faoi glacadh le Muire do bhanchéile, mar an ghin atá gafa aici, is ón Spiorad Naomh í; 21 béarfaidh sise mac, agus tabharfaidh tusa Íosa mar ainm air, ós é a shlánós a phobal óna pheacaí." 22 Tharla sin uile ag comhlíonadh a raibh ráite ag an Tiarna ó bhéal an fháidh: 23 "Féach, óigh a ghafas agus a bhéarfás mac, agus gairfear Emanuél de" (a chiallaíos, go bhfuil Dia linn).⁶

Ag seo, mar chlabhsúr, leagan Uí Dhomhnaill den chuntas a thugann Lúcas ar bhreith an tSlánaitheora:

Sliocht as Lúcas, Caibidil 2 (1603)

1 Agus tárla ann sna láethibh sin, go ndeachuidh áithne ó Shéasar Augustus, an domhan uile do mheas, 2 (Ag so an céudmheas do rinneadh an tan do bhi Sirénus na úachdarán ar Shíria.) 3 Agus do chúadar eile dhá meas, gach áon fá leith dhá chathruigh féin, 4 Agus do chúaidh Íoseph mar an gcéudna súas ón Ghalilé, as an gcathraigh Nasarét, go tír Iúdaighe, go cathruigh Dhaibhi, dá ngoirthear Bétleem; do bhrígh go raibh sé do thigh agus do shliochd Dháibhí: 5 Ionnuis go measfuigh é maille ré Muire do bhi ar na ceangal ris mar mhnáoi, ar mbeith dhi torrach. 6 Agus tárla, ar mbeith dhóibh ann sin, go dtangadar laéthe a hionbhuidhsean. 7 Agus rug sí mac a céudduine cloinne, agus do chuir sí giobuil cheangail na thimcheall, agus do chuir sí na luighe a mainséur é; do bhrígh nach raibh ait aca sa tigh ósda. 8 Agus do bhádar áodhairidhe sa dúithche sin na gcomhnuidhe a muigh, agus ag déanamh faire oidhche ar a dtréd. 9 Agus, féuch, do sheas aingeal an Tighearna láimh léo, agus do shoillsigh ghlóir an Tighearna na dtimcheall: agus do ghabh eagla mhór iad. 10 Agus a dúbhairt an taingeal riú, Na biodh eagla oruibh: óir, feuch, a táim ag soisgéalughadh dhíbh gáirdeachus mór, noch bhías do gach uile phobal. 11 Oir rugadh an Slánuightheoir dháoi bh a niu, (éadhon Críost an Tighearna,) a gcathruigh Dháibhí. 12 Agus ag so comhartha dhíbh; Do ghéubhtháoi an leanabh ceanguilte a ngioblubh, na luighe a mainnséur. 13 Agus do bhí go hobann cuideachda mhór do shlúagh neamhdha a bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rádh, 14 Glóir do Dhía ann sna hárduibh, agus síodhcháin ar an dtalamh, deaghthoil do na dáoinibh. 16 Agus tangadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus Íoseph, agus an náoidhe na luighe a mainnséur. 17 Agus an tráth do chonncadar *sin*, do aithriseadar an ní a dubhradh riú a dtimcheall an leinibhsin.

⁶ *Tiomna Nua ár dTiarna agus á Slánaitheora Íosa Chríost*. An Canónach Oirmh. Cosslett Ó Cuinn a d'aistrigh ón Revised Standard Version agus ón nGréigis. Cumann Gaelach na hEaglaise i gcomhar leis an Hibernian Bible Society, 41 Sráid Dásoin, Baile Átha Cliath 1970

15 Agus tárla, mar do imthigheadar na haingil úatha ar neamh, go ndubhradar na háodhairidhe ré chéile, Imthigheam anois don Bhetléem, agus féucham an ní so do rinneadh, noch do fhoillsigh an Tighearna dhúinn.

18 Agus na huile dháoine da gcúalidh *so* do ghabh iongantus íad fá na neitheibh a dubhradar na háodhairidhe ríu.

19 Achd do thaisgidh Muire na bríathrasa uile, dá mbreathnughadh ann a croidhe.

20 Agus do fhilleadar na háodhairidhe, ag tabhairt glóire agus ag moladh Dé tré gach ní da gcúaladar agus da bhfacadar, mar a dubhradh ríu.

21 Agus an tan do coimhlíonadh ochd lá chum an leinibh do thimcheallgherradh, tugadh ÍOSA mar ainm air, éadhon an tainm do ghoir an taingeal de sul do gheineadh a mbroinn é.